II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1697 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2023

maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an bhfíogach gobach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/689 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú Trádála agus Comhair' anseo feasta) ([2]). Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) Foráiltear le hAirteagal 498(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go dtionólfaidh na Páirtithe comhairliúcháin gach bliain chun teacht ar chomhaontú, faoin 10 Nollaig gach bliain, maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) don bhliain dár gcionn le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú. Féadfaidh na comhairliúcháin sin na hábhair bhreise dá dtagraítear in Airteagal 498(4) den Chomhaontú a chumhdach freisin, lena n-áirítear liosta de na stoic a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh orthu, TAC a chinneadh d'aon stoc nach liostaítear in Iarscríbhinní 35 ná 36 agus sciartha na bPáirtithe sonracha de na stoic sin, agus bearta maidir le bainistiú iascaigh.

(3) Déanann an tAontas na comhairliúcháin bhliantúla i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 2, 3, 28 agus 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, Airteagail 4 agus 5 de phleananna ilbhliantúla Uiscí an Iarthair ([3]) agus na Mara Thuaidh ([4]), agus Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle ([5]).

([1]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
([2]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
([3]) Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).
([4]) Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 676/2007 agus (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).
([5]) Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (IO L 378, 26.10.2021, lch. 6).

(4) Tá seasamh an Aontais le linn na gcomhairliúchán bliantúil bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, comhairle arna soláthar go príomha ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) i gcomhréir le hAirteagal 494(3)(c) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

(5) An Taifead i Scríbhinn ina ndéantar doiciméadú ar na socruithe a rinne na Páirtithe de thoradh na gcomhairliúchán sin, déanfaidh cinn toscaireachta na bPáirtithe é a chur ar fáil agus a shíniú i gcomhréir leis an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 498(6) den Chomhaontú sin.

(6) An 16 Nollaig 2022 tháinig an tAontas ar chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe maidir le líon substaintiúil TACanna a shocrú le haghaidh 2022 le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú sa Taifead i Scríbhinn ([6]), a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 20 Nollaig 2022 agus a shínigh Ceann Toscaireachta na Ríochta Aontaithe agus ionadaí an Choimisiúin thar ceann an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 498(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus Cinneadh (AE) 2021/1875.

(7) Is stoc é an fíogach gobach (*Squalus acanthias*) a ndéanann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe bainistiú comhpháirteach air. Le linn na gcomhairliúchán bliantúil chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, i bhfianaise an fheabhsaithe mheasta ar stádas stoc an fhíogaigh ghobaigh, nár cheart an fíogach gobach a bheith ina speiceas toirmiscthe a thuilleadh. Cuireadh na leibhéil TAC ábhartha a socraíodh sa Taifead i Scríbhinn sin chun feidhme ina dhiaidh sin i Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle ([7]).

(8) Ina theannta sin, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur iomchuí cosc a chur ar iascach spriocdhírithe a dhíríonn ar chomhbhailiúcháin de bhaineannaigh aibí, chun cuid den stoc sin atá an-leochaileach ó thaobh básmhaireachta iascaireachta de a chosaint. Chuige sin, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur cheart uasmhéid gabhála 100 cm a urramú.

(9) Go dtí go nglacfar uasmhéid gabhála den sórt sin i ndlí an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, bunaíodh an beart a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe in Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194. Bhí nasc feidhmiúil idir an beart agus an TAC i gcomhair fíogaigh ghobacha, ós rud é in éagmais an bhirt sin nach n-áiritheodh leibhéal an TAC as féin cosaint leordhóthanach do bhaineannaigh sceite, ar cuid an-leochaileach den phobal iad.

(10) Is é is aidhm don Rialachán atá ann faoi láthair fíogaigh ghobacha atá os cionn 100 cm a eisiamh ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus ar an gcaoi sin a áirithiú nach ndéanfar dochar don eiseamal sin agus go scaoilfear ar ais san fharraige é go pras i gcás ina ngabhtar de thaisme é.

(11) Cuireann an Rialachán creat dlíthiúil níos cobhsaí ar fáil, i bhfianaise chineál sealadach na mbeart arna nglacadh ag an gComhairle, ar creat é a scoirfidh, i gcomhréir le hAirteagal 59(k) de Rialachán (AE) 2023/194, d'fheidhm a bheith aige an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm lena dtugtar isteach bearta comhfhreagracha agus lena rialaítear láimhseáil ghabhálacha na stoc sin atá os cionn 100 cm.

(12) Leis an Rialachán atá ann faoi láthair, áirithítear go gcomhlíonfaidh an tAontas a oibleagáidí idirnáisiúnta agus cruthaítear deimhneacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta d'iascairí an Aontais.

(13) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar chaomhnú an stoic, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe.

([6]) Taifead i Scríbhinn ar na comhairliúcháin iascaigh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach le haghaidh 2023: An tAontas Eorpach-An Ríocht Aontaithe le haghaidh 2023 (europa.eu).

([7]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1)

(14) Ós rud é go rachaidh na bearta a comhaontaíodh sa Taifead i Scríbhinn idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in éag an 31 Nollaig 2023, ba cheart don Rialachán seo scor d'fheidhm a bheith aige an dáta sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo maolú ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le stoic chomhroinnte atá faoi réir na gcomhairliúchán iascaigh a thionóltar idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais nó gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais in uiscí nach bhfuil faoi réir cheannasacht nó dhlínse tríú tíortha.

Airteagal 2

An fíogach gobach *(Squalus acanthias)*

De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh toirmeasc ar dhíriú ar fhíogaigh ghobacha atá os cionn 100 cm, ar iad a choinneáil ar bord nó a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a iompar, a stóráil, a thaispeáint nó a chur ar díol, a dhíol nó a mhargú.

Ní dhéanfar dochar d'aon fhíogach gobach atá os cionn an mhéid sin i gcás ina ngabhtar de thaisme é agus scaoilfear an t-eiseamal ar ais san fharraige go pras.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN